Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000045/2018
ar an gCoimisiún (Leas-Uachtarán / Ardionadaí)
Rule 128
Kostas Chrysogonos, Nikos Androulakis, Xabier Benito Ziluaga, Nessa Childers, Nikolaos Chountis, Javier Couso Permuy, Angel Dzhambazki, Stefan Eck, Luke Ming Flanagan, Tania González Peñas, Maria Grapini, Karoline Graswander-Hainz, Eva Kaili, Manolis Kefalogiannis, Stelios Kouloglou, Kostadinka Kuneva, Merja Kyllönen, Georgios Kyrtsos, Patrick Le Hyaric, Jiří Maštálka, Costas Mavrides, Martina Michels, Miroslavs Mitrofanovs, Demetris Papadakis, Dimitrios Papadimoulis, Margot Parker, Laurenţiu Rebega, Sofia Sakorafa, Helmut Scholz, Branislav Škripek, Renate Sommer, Barbara Spinelli, Maria Spyraki, Eleni Theocharous, Estefanía Torres Martínez, Miguel Urbán Crespo, Marie-Christine Vergiat, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Julie Ward, Theodoros Zagorakis, Gabriele Zimmer

Ábhar: VP/HR - An caidreamh idir AE agus an Tuirc

Mar thír iarrthach le bheith ina Bhallstát de AE, ní mór don Tuirc critéir aontachais AE a chomhlíonadh. Tá sárú á dhéanamh go córasach, áfach, ag an Tuirc ar chearta an duine agus ar an smacht reachta[1]. Le blianta beaga anuas, chonacthas an leathnú atá ag teacht ar rialú ag an bhfeidhmeannas ar an gcóras breithiúnach agus ar ionchúiseamh, mar a chonacthas freisin le daoine a bheith á ngabháil agus breithiúna agus ionchúisitheoirí a bheith á mbriseadh as a bpost nó á n-aistriú go treallach chomh maith le hionsaithe leanúnacha a bheith á ndéanamh ar dhlíodóirí[2]. Tá lear mór polaiteoirí, saoránaigh agus iriseoirí curtha i bpríosún go mídhleathach agus tá sárú as éadan á dhéanamh ar an tsaoirse chainte[3]. Sa bhreis air sin, níl na torthaí a rabhthas ag súil leo tagtha as an gcúnamh réamhaontachais a tugadh don Tuirc[4].

Thairis sin, tá an Tuirc go córasach ag díospóid agus ag sárú teorainneacha an Aontais. In 2017 amháin, sháraigh Aerfhórsa na Tuirce aerspás náisiúnta na Gréige[5] 3 317 uair agus sháraigh Cabhlach na Tuirce uiscí críochacha na Gréige 1 998 uair[6]. Mar shampla de sin, rinne bád patróil Turcach soitheach de chuid Gharda Cósta na Gréige a thuargaint in uiscí críochacha na Gréige an15 Feabhra 2018[7], agus an 1 Márta 2018 rinne údaráis mhíleata na Tuirce dhá oifigeach Ghréagacha a ghabháil ag an teorainn Ghréag-Thurcach in Evros, agus tá siad á gcoinneáil gan cúiseamh ná triail ó shin[8]. Anuas air sin, tá an Tuirc ag cur bac ar taiscéaladh agus druileáil i gcrios eiseach eacnamaíoch (CEE) na Cipire[9]. Thairis sin, tá ionradh treallach déanta ag trúpaí na Tuirce ar réigiún Afrin sa tSiria le harmáin a onnmhairíodh go príomha ó thíortha AE agus lena ndearnadh sibhialtaigh a mharú, áitribh a chreachadh agus séadchomharthaí reiligiúnacha agus cultúrtha a scriosadh ar an mór scála[10]. In theannta sin, níor cheart a dhearmad go bhfuil isteach agus amach le 30 000 saighdiúir Turcach ar stáisiún go neamhdhleathach i gcríoch AE ó 1974, eadhon i leath

---

1 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2016 maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an Tuirc, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2016)0450; Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Feabhra 2018 maidir le staid chearta an duine i láthair na huaire sa Tuirc, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2018)0040; Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staid na n-iriseoirí sa Tuirc, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2016)0423.

2 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Feabhra 2018 maidir le staid chearta an duine i láthair na huaire sa Tuirc, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2018)0040.

3 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staid na n-iriseoirí sa Tuirc, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2016)0423.

4 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR18_07/SR_TURKEY_EN.pdf

5 http://www.geetha.mil.gr/el/violations-gr/2015-01-22-11-43-23.html

6 http://www.geetha.mil.gr/el/violations-gr/thalassia-symbanta/6483-sygkentrwtika-stoicheia-2017.html

7 http://www.ekathimerini.com/225932/article/ekathimerini/news/videos-show-turkish-ship-ramming-greek-vessel-off-imia

8 http://www.ekathimerini.com/226334/article/ekathimerini/news/two-greek-troops-held-in-turkey-for-accidentally-crossing-the-border; http://www.amna.gr/en/article/236291/Turkish-court-refuses-request-to-release-Greek-soldiers-until-trial

9 http://cyprus-mail.com/2018/02/23/turkish-warships-force-eni-drillship-off-course/

10 http://www.bbc.com/news/world-middle-east-43457214

tuaiscirt faoi fhorghabháil Phoblacht na Cipire[1].

Iarrtar ar an Ard-Ionadaí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an Aontas freagairt don fhíoras nár bhain an Tuirc úsáid chuí as an gcúnamh réamhaontachais a tugadh di chun critéir aontachais AE a chomhlíonadh?

2. Cad atá beartaithe ag an Aontas a dhéanamh chun cosaint éifeachtach a thabhairt do theorainneacha AE agus comhartha soiléir a thabhairt don Tuirc go gcaithfidh sí an dlí idirnáisiúnta agus dlí AE a urramú?

Curtha síos: 2.5.2018
Curtha ar aghaidh: 4.5.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 11.5.2018

[1] http://www.hri.org/docs/unzyp_e.html